| Riachtanais Speisialta Oideachais san Iar-bhunscolaíocht | **Meitheal Forbartha Cruinniú 19, 3 Nollaig, 2024.**<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Miontuairiscí** | Moladh agus comhaontaíodh ar na miontuairiscí. |
| **Nuashonrú ar Chláir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí** | Tugadh nuashonrú ar fhorbairtí Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí. Beidh an chéad chruinniú de chuid an líonra scoileanna, chun tacú le cur i bhfeidhm na gclár foghlama seo, ar siúl ar an 9 Nollaig, 2024. |
| **Clár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí sa Chúram Pearsanta** | Tugadh forléargas ar dhréacht nuashonraithe CFL2SS sa Chúram Pearsanta agus bhí plé ann i ndiaidh sin. Bailíodh aiseolas ón Meitheal Forbartha (MF), a ndéanfaidh an feidhmeannas athbhreithniú air agus déanfaidh an clár dul chun cinn go dtí an chéad chéim eile laistigh de phróisis forbartha curaclaim CNCM. |
| **Clár Foghlama Leibhéal 1 na Sraithe Sinsearaí sa Chúram Pearsanta** | Tugadh forléargas ar dhréacht nuashonraithe CFL1SS sa Chúram Pearsanta agus bhí plé ann i ndiaidh sin. Bailíodh aiseolas ón MF, a ndéanfaidh an feidhmeannas athbhreithniú air agus déanfaidh an clár dul chun cinn go dtí an chéad chéim eile laistigh de phróisis forbartha curaclaim CNCM. |
| **Nuashonrú a dhéanamh ar Threoirlínte an Mhúinteora do Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí** | Rinne an MF athbhreithniú ar dhréacht ar an gcuid '*Cé dó ar dearadh na Cláir Foghlama?*' laistigh de na treoirlínte agus bhí plé ann i ndiaidh sin. Déanfaidh an feidhmeannas athbhreithniú ar an aiseolas agus ullmhóidh siad dréacht nuashonraithe don chéad chruinniú eile. |
| **Na Chéad Chéimeanna Eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas le baill na Meithle Forbartha as a gcuid rannpháirtíochta agus chuir sé in iúl go bhfuil glacadh maith le hobair na Meithle ag leibhéal na Comhairle.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** 26 Feabhra, 2025 |